

Déardaoin, 16 Meitheamh, 2011
Thursday, 16th June, 2011

10.30 a.m.

RIAR NA hOIBRE
Order Paper

GNÓ POIBLÍ
Public Business

Tairiscintí:
Motions:

1. “D’ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, le héifeacht ón 21 Meitheamh, 2011, agus go dtí go gcuirfear a mhalairt in iúl sa 24ú Seanad, go ndéantar leis seo Buan-Ordú 45 de Bhuan-Orduithe Sheanad Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí a leasú tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

That, notwithstanding anything in Standing Orders, with effect from the 21st June, 2011 and until further notice in the 24th Seanad, Standing Order 45 of the Standing Orders of Seanad Éireann relative to Public Business is hereby amended by the substitution of the following paragraph for paragraph (b):

‘(b) ní rachaidh óráid Seanadóra a mholfaidh tairiscint thar deich nóiméad, ní rachaidh óráid an Aire nó an Aire Stáit a bheidh i gceist thar chúig nóiméad déag, agus beidh an Seanadóir a rinne an tairiscint nó cibé Seanadóir eile, nach mbeidh labhartha cheana aige a údaróidh sé chuige sin, i dteideal ceithre nóiméad le haghaidh óráid mar fhreagra; ní rachaidh óráidh aon Seanadóra eile sa díospóireacht thar sé nóiméad.

‘(b) the speech of a Senator proposing a motion shall not exceed ten minutes; the speech of the Minister or Minister of State concerned shall not exceed fifteen minutes and the Senator proposing, or such other Senator who has not already spoken as he may authorise in that behalf, shall be entitled to four minutes for a speech in reply; the speech of any other Senator in the course of the debate shall not exceed six minutes.’”.

—*Senator Maurice Cummins.*

2. “(1) Go ndéanfar, leis seo, Roghchoistí mar atá leagtha amach i gcolún (1) den Sceideal a ghabhann leis seo a cheapadh de bhun Buan-Ordú 70A.

(1) That Select Committees as set out in column (1) of the Schedule hereto are hereby appointed pursuant to Standing Order 70A.

(2) Déanfaidh gach Coiste na feidhmeanna atá leagtha amach i mBuan-Ordú 70A a chomhlíonadh i leith na Roinne Rialtais nó na Ranna Rialtais atá liostaithe i gcolún (2) os coinne gach Coiste (in oirchill na hOrduithe Rialtais riachtanacha

(2) Each Committee shall perform the functions set out in Standing Order 70A in respect of the Government Department or Departments listed in column (2) opposite each Committee (in anticipation of the coming into effect of the necessary Government

do theacht in éifeacht i ndáil le hainmneacha Ranna agus teidil Airí agus Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a aistriú).

Orders in relation to names of Departments and titles of Ministers and transfer of Departmental Administration and Ministerial Functions).

- | | |
|--|---|
| (3) Is mar atá leagtha amach i gcolún (3) a bheidh an líon comhaltaí a cheapfar ar gach Roghchoiste. | (3) The number of members appointed to each Select Committee shall be as set out in column (3). |
| (4) Déanfar gach Roghchoiste a chomhcheangal le Roghchoiste arna cheapadh ag Dáil Éireann chun Comhchoiste a dhéanamh chun na feidhmeanna a leagtar amach i mBuan-Ordú 70A a chomhall. | (4) Each Select Committee shall be joined with a Select Committee appointed by Dáil Éireann to form a Joint Committee to carry out the functions set out in Standing Order 70A. |
| (5) Beidh ag gach Roghchoiste na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Orduithe 101 agus 103. | (5) Each Select Committee shall have the powers defined in Standing Orders 101 and 103. |
| (6) Beidh ag gach Comhchoiste na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Orduithe 71 (seachas mír (2A) den chéanna), 101 agus 103. | (6) Each Joint Committee shall have the powers defined in Standing Orders 71 (other than paragraph (2A) thereof), 101 and 103. |
| (7) Beidh ag an Roghchoiste ag ré 6 den Sceideal na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 102(1)(b). | (7) The Select Committee at row 6 of the Schedule shall have the powers defined in Standing Order 102(1)(b). |
| (8) Ní bheidh feidhm ag Buan-Ordú 99 maidir leis an Seanad seo. | (8) Standing Order 99 shall not apply to this Seanad. |

AN SCEIDEAL

(1) An Coiste	(2) An Roinn/Na Ranna	(3) An líon comhaltaí
1 An Roghchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil	■ Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil	6
2 An Roghchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú	■ Airgeadas ■ Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú	6
3 An Roghchoiste um Poist, Coimirce Shóisialach agus Oideachas	■ Poist, Fiontair agus Nuálaíocht ■ Coimirce Shóisialach ■ Oideachas agus Scileanna	6
4 An Roghchoiste um Chomhshaol, Iompar, Cultúr agus Gaeltacht	■ Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil ■ Iompar, Turasóireacht agus Spórt ■ Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht	6
5 An Roghchoiste um Chumarsáid, Acmhainní Nádúrtha agus Talmhaíocht	■ Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha ■ Talmhaíocht, Muir agus Bia	6

6 An Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas	<ul style="list-style-type: none"> ■ Dlí agus Ceart agus Comhionannas ■ Cosaint 	5
7 An Roghchoiste um Shláinte agus Leanaí	<ul style="list-style-type: none"> ■ Sláinte ■ Leanaí agus Gnóthaí Óige 	7

SCHEDULE

(1) Committee	(2) Department/s	(3) Number of members
1 Select Committee on Foreign Affairs and Trade	<ul style="list-style-type: none"> ■ Foreign Affairs and Trade 	6
2 Select Committee on Finance, Public Expenditure and Reform	<ul style="list-style-type: none"> ■ Finance ■ Public Expenditure and Reform 	6
3 Select Committee on Jobs, Social Protection and Education	<ul style="list-style-type: none"> ■ Jobs, Enterprise and Innovation ■ Social Protection ■ Education and Skills 	6
4 Select Committee on Environment, Transport, Culture and the Gaeltacht	<ul style="list-style-type: none"> ■ Environment, Community and Local Government ■ Transport, Tourism and Sport ■ Arts, Heritage and the Gaeltacht 	6
5 Select Committee on Communications, Natural Resources and Agriculture	<ul style="list-style-type: none"> ■ Communications, Energy and Natural Resources ■ Agriculture, Marine and Food 	6
6 Select Committee on Justice, Defence and Equality	<ul style="list-style-type: none"> ■ Justice and Equality ■ Defence 	5
7 Select Committee on Health and Children	<ul style="list-style-type: none"> ■ Health ■ Children and Youth Affairs 	7

—Senator Maurice Cummins.

3. “(1) Go gceapfar Roghchoiste, dá ngairfear an Roghchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh, ar a mbeidh 5 chomhalta de Sheanad Éireann, chun breithniú a dhéanamh ar cibé nithe a éiríonn—

(a) as ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach agus

(b) as Éirinn do chloí leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

a roghnóidh sé agus nach bhfuil tarchurtha chuig aon Choiste eile.

(1) That a Select Committee, which shall be called the Select Committee on European Union Affairs, consisting of 5 members of Seanad Éireann, be appointed to consider such matters arising from—

(a) Ireland’s membership of the European Union, and

(b) Ireland’s adherence to the Treaty on European Union and the Treaty on the Functioning of the European Union,

as it may select and which are not referred to any other Committee.

- (2) Déanfar an Roghchoiste a chomhcheangal le Roghchoiste arna cheapadh ag Dáil Éireann chun bheith ina Chomhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh, agus, gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), déanfaidh an Comhchoiste an méid seo a leanas a bhreithniú—
- (a) doiciméid phleanála straitéiseacha Choimisiún AE lena n-áirítear Clár Oibre an Choimisiúin,
- (b) forbairtí beartais tras-earnála ag leibhéal an Aontais Eorpaigh,
- (c) nithe a liostaítear lena mbreithniú ar an gclár gnó i gcomhair cruinnithe de Chomhairle Gnóthaí Ginearálta na nAirí agus toradh cruinnithe den sórt sin.
- (d) cibé rialacháin faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 2009 agus ionstraimí eile arna ndéanamh faoi reacht agus is gá de dhroim na n-oibleagáidí a ghabhann le ballraíocht san Aontas Eorpach a roghnóidh an Coiste,
- (e) fógraí arna dtarchur ag an Seanad faoi Bhuan-Ordú 102(1)(a),
- (f) fógraí i dtaobh tograí chun na Conarthaí a leasú a fuarthas ón gComhairle Eorpach de bhun Airteagal 48.2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,
- (g) fógraí i dtaobh iarratas ar bhallraíocht san Aontas Eorpach a fuarthas ón gComhairle Eorpach de bhun Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus
- (h) cibé nithe eile a tharchuirfidh an Seanad chuige ó am go ham.
- (2) The Select Committee shall be joined with a Select Committee appointed by Dáil Éireann, to form the Joint Committee on European Union Affairs, which, without prejudice to the generality of paragraph (1), shall consider—
- (a) the EU Commission's strategic planning documents including the Commission Work Programme,
- (b) cross-sectoral policy developments at European Union level,
- (c) matters listed for consideration on the agenda for meetings of the General Affairs Council of Ministers and the outcome of such meetings,
- (d) such regulations under the European Communities Acts 1972 to 2009 and other instruments made under statute and necessitated by the obligations of membership of the European Union as the Committee may select,
- (e) notifications referred by the Seanad under Standing Order 102 (1)(a),
- (f) notifications of proposals for the amendment of the Treaties received from the European Council pursuant to Article 48.2 of the Treaty on European Union,
- (g) notifications of applications for membership of the European Union received from the European Council pursuant to Article 49 of the Treaty on European Union, and
- (h) such other matters as may be referred to it by the Seanad from time to time.
- (3) Tabharfaidh an Comhchoiste tuarascáil do dhá Theach an Oireachtais ar
- (3) The Joint Committee shall report to both Houses of the Oireachtas on the

oibriú Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), 2002.

operation of the European Union (Scrutiny) Act 2002.

- (4) Beidh ag an gComhchoiste na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Orduithe 71 (seachas mír (2A) den chéanna), 101, 102(1)(a) agus 103.
- (4) The Joint Committee shall have the powers defined in Standing Orders 71 (other than paragraph (2A) thereof), 101, 102(1)(a) and 103.
- (5) Beidh ag an gComhchoiste an chumhacht chun moltaí a dhéanamh chun an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (nó chun Aire Stáit) i dtaobh nithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach.
- (5) The Joint Committee shall have the power to make recommendations to the Minister for Foreign Affairs and Trade (or Minister of State) on European Union matters.
- (6) Féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar chruinnithe den Chomhchoiste agus páirt a ghlacadh in imeachtaí gan ceart vótála a bheith acu ná ceart tairiscintí a dhéanamh ná leasuithe a thairiscint:
- (6) The following may attend meetings of the Joint Committee and take part in proceedings without having a right to vote or to move motions and amendments:
- (a) Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa arna dtoghadh ó thoghlaigh in Éirinn, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann,
- (a) Members of the European Parliament elected from constituencies in Ireland, including Northern Ireland,
- (b) Comhaltaí de thoscaireacht na hÉireann chuig Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa, agus
- (b) Members of the Irish delegation to the Parliamentary Assembly of the Council of Europe, and
- (c) ar chuireadh a fháil ón gCoiste, Comhaltaí eile de Pharlaimint na hEorpa.
- (c) at the invitation of the Committee, other Members of the European Parliament.
- (7) Déanfaidh an Comhchoiste ionadaíocht do dhá Theach an Oireachtais ag Comhdháil na gCoistí um Ghnóthaí Comhphobail agus Eorpacha de chuid Parlaimintí an Aontais Eorpaigh (COSAC) agus tabharfaidh sé tuarascáil ar an gcéanna do dhá Theach an Oireachtais.
- (7) The Joint Committee shall represent both Houses of the Oireachtas at the Conference of Community and European Affairs Committees of Parliaments of the European Union (COSAC) and shall report to both Houses of the Oireachtas thereon.
- (8) Beidh Cathaoirleach an Chomhchoiste ina chomhalta nó ina comhalta de Dháil Éireann.
- (8) The Chairman of the Joint Committee shall be a member of Dáil Éireann.

—*Senator Maurice Cummins.*

4. “(1) Go gceapfar Roghchoiste, ar a mbeidh 5 chomhalta de Sheanad Éireann, a bheidh le comhcheangal le Roghchoiste atá le ceapadh ag Dáil Éireann, chun bheith ina

(1) That a Select Committee consisting of 5 members of Seanad Éireann be appointed to be joined with a Select Committee to be appointed by Dáil Éireann to form the Joint Committee

Chomhchoiste um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas—

- (a) saincheistean a éiríonn as ról na hÉireann mar shínitheoir le Comhaontú Aoine an Chéasta,
- (b) forbairtí leanúnacha i dtaca le forfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta, agus
- (c) aon tograí a bhaineann le forfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta agus nithe gaolmhara a tharchuirfidh an Dáil agus/nó an Seanad chuige ó am go ham,

agus chun tuarascáil a thabhairt do dhá Theach an Oireachtais uair sa bhliain ar a laghad.

- (2) Beidh ag an gComhchoiste na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 71, seachas mír (2A), (4A), (4B) agus (6A) den chéanna.
- (3) Beidh an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (nó comhalta den Rialtas nó Aire Stáit a bheidh ainmnithe ina áit nó ina háit) ina chomhalta nó ina comhalta *ex-officio* den Choiste agus beidh sé nó sí i dteideal vótáil in imeachtaí.
- (4) Féadfaidh Feisirí de chuid Pharlaimint Westminster arna dtoghadh ó thoghlaigh i dTuaisceart Éireann freastal ar chruinnithe den Chomhchoiste agus dá Fhochoistí agus féadfaidh siad páirt a ghlacadh in imeachtaí gan ceart vótála a bheith acu ná ceart tairiscintí a dhéanamh ná leasuithe a thairiscint.
- (5) Beidh Cathaoirleach an Chomhchoiste ina chomhalta nó ina comhalta de Dháil Éireann.

on the Implementation of the Good Friday Agreement to consider—

- (a) issues arising from Ireland's role as a signatory to the Good Friday Agreement,
- (b) ongoing developments in the implementation of the Good Friday Agreement, and
- (c) any proposals relating to the implementation of the Good Friday Agreement and such related matters as shall be referred to it by the Dáil and/or the Seanad from time to time,

and to report back to both Houses of the Oireachtas at least once a year.

- (2) The Joint Committee shall have the powers defined in Standing Order 71, other than paragraph (2A), (4A), (4B) and (6A) thereof.
- (3) The Minister for Foreign Affairs and Trade (or a member of the Government or Minister of State nominated in his or her stead) shall be an *ex officio* member of the Committee and shall be entitled to vote in proceedings.
- (4) Members of the Westminster Parliament elected from constituencies in Northern Ireland may attend meetings of the Joint Committee and of its sub-Committees and may take part in proceedings without having a right to vote or to move motions and amendments.
- (5) The Chairman of the Joint Committee shall be a member of Dáil Éireann."

—*Senator Maurice Cummins.*

5. "(1) Go gceapfar Roghchoiste, ar a mbeidh 5 chomhalta de Sheanad Éireann, a bheidh le comhcheangal le Roghchoiste atá le ceapadh ag Dáil Éireann, chun bheith ina

(1) That a Select Committee consisting of 5 members of Seanad Éireann be appointed to be joined with a Select Committee to be appointed by Dáil Éireann to form the Joint Committee

Chomhchoiste um Imscrúduithe, Formhaoirsiú agus Achainíocha chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas—

on Investigations, Oversight and Petitions, to consider—

(a) córas achainíocha a dhearadh do Thithe an Oireachtais,

(a) the design of a petitions system for the Houses of the Oireachtas,

(b) ról agus cúram an Chomhchoiste ag féachaint don Chlár Rialtais, agus

(b) the role and remit of the Joint Committee having regard to the Programme for Government, and

(c) aon nithe gaolmhara eile,

(c) any other related matters,

agus chun tuarascáil a thabhairt do dhá Theach an Oireachtais mar aon le moltaí, lena n-áirítear Orduithe Tagartha athbheithnithe don Chomhchoiste, faoin 30 Meán Fómhair, 2011.

and to report back to both Houses of the Oireachtas with recommendations, including revised Orders of Reference for the Joint Committee, by 30th September, 2011.

(2) Beidh ag an gComhchoiste na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 71, seachas mír (2A), (4A), (4B) agus (6A) den chéanna.

(2) The Joint Committee shall have the powers defined in Standing Order 71, other than paragraph (2A), (4A), (4B) and (6A) thereof.

(3) Beidh Cathaoirleach an Chomhchoiste ina chomhalta nó ina comhalta de Dháil Éireann.

(3) The Chairman of the Joint Committee shall be a member of Dáil Éireann.”

—*Senator Maurice Cummins.*

6. “D’ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, go ndéanfar na leasuithe seo a leanas ar Bhuan-Orduithe Sheanad Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí go dtí go bhfógrófar a mhalairt sa 24ú Seanad:

That, notwithstanding anything in Standing Orders, the following amendments be made to the Standing Orders of Seanad Éireann relative to Public Business until further notice in the 24th Seanad:

1. Leasaítear leis seo Buan-Ordú 67 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (2):

1. Standing Order 67 is hereby amended by the insertion of the following paragraph after paragraph (2):

‘(2A) Beidh feidhm ag na rialacha maidir le nós imeachta i Roghchoistí, de réir mar is cuí, le nós imeachta i bhFochoistí de na Coistí sin.’

‘(2A) The rules as to procedure in Select Committees shall apply, as appropriate, to procedure in sub-Committees of such Committees.’

2. Leasaítear leis seo Buan-Ordú 70 trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (2)(b):

2. Standing Order 70 is hereby amended by the insertion of the following subparagraphs after paragraph (2)(b):

‘(c) nach mbreithneoidh sé aon ní atá á bhreithniú ag an gCoiste

(c) it shall not consider any matter which is being considered, or of

um Chuntais Phoiblí, nó a mbeidh fógra tugtha ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí i dtaobh é a bheith beartaithe é a bhreithniú, de bhun Bhuan-Ordú 163 de chuid na Dála agus/nó Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993; agus

(d) go staonfaidh sé ó aon ní a fhiosrú i seisiún poiblí nó ó fhaisnéis rúnda maidir le haon ní a fhoilsiú más rud é go n-iarrfaidh na daoine seo a leanas amhlaidh air, ar chúiseanna a shonrófar agus a thabharfar i scríbhinn—

(i) comhalta den Rialtas nó Aire Stáit, nó

(ii) sealbhóir príomhoifige comhlachta atá faoi choimirce Roinne nó atá á mhaoiniú go páirteach nó go hiomlán ag an Stát nó atá bunaithe nó ceaptha ag comhalta den Rialtas nó ag an Oireachtas:

Ar choinníoll go bhféadfaidh an Cathaoirleach achomharc a dhéanamh chuig an gCathaoirleach in aghaidh aon iarrata den sórt sin a dhéanfar, agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Chathaoirligh.’

3. Glactar leis seo leis an mBuan-Ordú breise seo a leanas:

‘70A. (1) Féadfaidh an Seanad Roghchoiste a cheapadh chun breithniú agus tuairisciú don Seanad—

(a) ar cibé gnéithe de riaradh agus beartas Roinne nó Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí gaolmhara a roghnóidh an Coiste, agus

(b) ar nithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach agus a

which notice has been given of a proposal to consider, by the Committee of Public Accounts pursuant to Dáil Standing Order 163 and/or the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993; and

(d) it shall refrain from inquiring into in public session or publishing confidential information regarding any matter if so requested, for stated reasons given in writing, by—

(i) a member of the Government or a Minister of State, or

(ii) the principal office-holder of a body under the aegis of a Department or which is partly or wholly funded by the State or established or appointed by a member of the Government or by the Oireachtas:

Provided that the Chairman may appeal any such request made to the Cathaoirleach, whose decision shall be final.’

3. The following additional Standing Order is hereby adopted:

‘70A. (1) The Seanad may appoint a Select Committee to consider and report to the Seanad on—

(a) such aspects of the administration and policy of a Government Department or Departments and associated public bodies as the Committee may select, and

(b) European Union matters within the remit of the

thagann faoi chúram na Roinne nó na Ranna iomchuí.

relevant Department or Departments.

- (2) Féadfar Roghchoiste arna cheapadh de bhun an Bhuan-Ordaithe seo a chomhcheangal le Roghchoiste arna cheapadh ag Dáil Éireann chun críocha na bhfeidhmeanna a leagtar amach sa Bhuan-Ordú seo agus chun tuairisciú do dhá Theach an Oireachtais ar an gcéanna.
- (2) A Select Committee appointed pursuant to this Standing Order may be joined with a Select Committee appointed by Dáil Éireann for the purposes of the functions set out in this Standing Order and to report thereon to both Houses of the Oireachtas.
- (3) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), féadfaidh Roghchoiste arna cheapadh de bhun an Bhuan-Ordaithe seo na nithe seo a leanas a bhreithniú maidir leis an Roinn nó na Ranna iomchuí agus maidir le comhlachtaí poiblí goalmhara:
- (3) Without prejudice to the generality of paragraph (1), a Select Committee appointed pursuant to this Standing Order may consider the following matters in respect of the relevant Department or Departments and associated public bodies:
- (a) nithe a bhaineann le beartas a bhfuil an tAire freagrach iontu go hoifigiúil,
- (a) matters of policy for which the Minister is officially responsible,
- (b) gnóthaí poiblí atá faoi riaradh na Roinne,
- (b) public affairs administered by the Department,
- (c) saincheisteanna beartais a eascraíonn as Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus Beartas arna seoladh nó arna gcoimisiúnú ag an Roinn,
- (c) policy issues arising from Value for Money and Policy Reviews conducted or commissioned by the Department,
- (d) beartas Rialtais i leith comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne,
- (d) Government policy in respect of bodies under the aegis of the Department,
- (e) saincheisteanna beartais a bhaineann le comhlachtaí atá á maoiniú go páirteach nó go hiomlán ag an Stát nó atá bunaithe nó ceaptha ag comhalta den Rialtas nó den Oireachtas,
- (e) policy issues concerning bodies which are partly or wholly funded by the State or which are established or appointed by a member of the Government or the Oireachtas,
- (f) scéim ghinearálta nó dréachtcheannteidil aon Bhille a fhoilsíonn an tAire,
- (f) the general scheme or draft heads of any Bill published by the Minister,
- (g) ionstraimí reachtúla, lena n-áirítear ionstraimí reachtúla a leagtar, nó a leagtar ina ndrúacht, faoi bhráid ceachtar Tí nó an dá Theach agus na hionstraimí reachtúla sin arna ndéanamh faoi Achtanna na
- (g) statutory instruments, including those laid or laid in draft before either House or both Houses and those made under the European Communities Acts 1972 to 2009,

gComhphobal Eorpach, 1972 go 2009,

- (h) ráitis straitéise a leagtar faoi bhráid ceachtar Tí den Oireachtas nó faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais de bhun an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997,
- (i) tuarascálacha bliantúla nó tuarascálacha bliantúla agus cuntais, is gá de réir dlí agus a leagtar faoi bhráid ceachtar Tí den Oireachtas nó faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais, ar tuarascálacha bliantúla nó tuarascálacha bliantúla agus cuntais iad de chuid na Roinne nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear i míreanna (3)(d) agus (e) agus torthaí oibríochta foriomlána, ráitis straitéise agus pleananna corparáideacha na gcomhlachtaí sin, agus
- (j) cibé nithe eile a tharchuirfidh an Seanad chuige ó am go ham.
- (4) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), breithneoidh Roghchoiste arna cheapadh de bhun an Bhuan-Ordaithe seo, maidir leis an Roinn nó leis na Ranna iomchuí—
- (a) dréachtghníomhartha reachtacha AE arna dtarchur chuig an Roghchoiste faoi Bhuan-Ordú 101, lena n-áirítear an chaoi a gcomhlíonann na gníomhartha sin prionsabal na coimhdeachta,
- (b) tograí eile le haghaidh reachtaíocht AE agus saincheistanna beartais gaolmhara, lena n-áirítear cláir agus treoirlínte arna n-ullmhú ag an gCoimisiún Eorpach mar bhonn le gníomh reachtach a d'fhéadfaí a dhéanamh,
- (c) doiciméid neamhreachtacha arna bhfoilsíú ag aon institiúid de chuid AE i ndáil le nithe a bhaineann le beartas AE, agus
- (h) strategy statements laid before either or both Houses of the Oireachtas pursuant to the Public Service Management Act 1997,
- (i) annual reports or annual reports and accounts, required by law, and laid before either or both Houses of the Oireachtas, of the Department or bodies referred to in paragraph (3)(d) and (e) and the overall operational results, statements of strategy and corporate plans of such bodies, and
- (j) such other matters as may be referred to it by the Seanad from time to time.
- (4) Without prejudice to the generality of paragraph (1), a Select Committee appointed pursuant to this Standing Order shall consider, in respect of the relevant Department or Departments—
- (a) EU draft legislative acts standing referred to the Select Committee under Standing Order 101, including the compliance of such acts with the principle of subsidiarity,
- (b) other proposals for EU legislation and related policy issues, including programmes and guidelines prepared by the European Commission as a basis of possible legislative action,
- (c) non-legislative documents published by any EU institution in relation to EU policy matters, and

- (d) nithe a liostaítear lena mbreithniú ar an gclár oibre do chruinnithe den Chomhairle Airí iomchuí de chuid AE agus toradh na gcrúinnithe sin.
- (5) Beidh Cathaoirleach Comhchoiste arna cheapadh de bhun an Bhuan-Ordaithe seo ina chomhalta nó ina comhalta de Dháil Éireann.
- (6) Féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar chruinnithe de Roghchoiste nó de Chomhchoiste arna cheapadh de bhun an Bhuan — Ordaithe seo, chun críocha na bhfeidhmeanna a leagtar amach i mír (4), agus féadfaidh siad páirt a ghlacadh in imeachtaí gan ceart vótála a bheith acu ná an ceart tairiscintí a dhéanamh nó leasuithe a thairiscint:
- (a) Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa arna dtoghadh ó thoghlaigh in Éirinn, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann,
- (b) Comhaltaí de thoscaireacht na hÉireann chuig Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa, agus
- (c) ar chuireadh a fháil ón gCoiste, Comhaltaí eile de Pharlaimint na hEorpa.’
4. Leasaítear leis seo Buan-Ordú 71—
- (a) trí ‘cuir i láthair ó bhéal agus’ a chur isteach roimh ‘aighneachtaí scríofa’ i mír (2);
- (b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (2):
- ‘(2A) an chumhacht fios a chur ar dhaoine, ar pháipéir agus ar thaifid;’
- (c) trí na focail go léir i ndiaidh ‘reachtaíocht nua’ i mír (4) a scriosadh;
- (d) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (4):
- (d) matters listed for consideration on the agenda for meetings of the relevant EU Council of Ministers and the outcome of such meetings.
- (5) The Chairman of a Joint Committee appointed pursuant to this Standing Order shall be a member of Dáil Éireann.
- (6) The following may attend meetings of a Select or Joint Committee appointed pursuant to this Standing Order, for the purposes of the functions set out in paragraph (4) and may take part in proceedings without having a right to vote or to move motions and amendments:
- (a) Members of the European Parliament elected from constituencies in Ireland, including Northern Ireland,
- (b) Members of the Irish delegation to the Parliamentary Assembly of the Council of Europe, and
- (c) at the invitation of the Committee, other Members of the European Parliament.’
4. Standing Order 71 is hereby amended by—
- (a) the insertion of ‘oral presentations and’ before ‘written submissions’ in paragraph (2);
- (b) the insertion of the following paragraph after paragraph (2):
- ‘(2A) power to send for persons, papers and records;’
- (c) the deletion of all words after ‘new legislation;’ in paragraph (4);
- (d) the insertion of the following paragraphs after paragraph (4):

‘(4A) an chumhacht scrúdú a dhéanamh ar aon ionstraim reachtúil, lena n-áirítear ionstraim reachtúil a leagtar, nó a leagtar ina dréacht, faoi bhráid ceachtar Tí nó an dá Theach agus ionstraim reachtúil arna déanamh faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 2009, agus moladh a dhéanamh, más dóigh leis gur gá gníomh den sórt sin a dhéanamh, i dtaobh ar chóir an ionstraim a neamhniú nó a leasú;

‘(4B) chun críocha mhír (4A), an chumhacht ceangal a chur ar aon Roinn Rialtais nó ar aon údarás déanta ionstraimí lena mbaineann Meabhrán a chur faoi bhráid an Roghchoiste ina míneofar aon ionstraim reachtúil atá faoi bhreithniú nó a bheith i láthair ag cruinniú den Roghchoiste chun aon ionstraim reachtúil den sórt sin a mhíniú: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Roinn sin nó an t-údarás sin diúltú a bheith i láthair ar chúiseanna a shonrófar agus a thabharfar i scríbhinn don Roghchoiste, agus féadfaidh an Roghchoiste tuairisciú don Seanad ina leith sin;’ agus

- (e) an mhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (6):

‘(6A) an chumhacht ceangal a chur ar chomhalta den Rialtas nó ar Aire Stáit a bheith i láthair os comhair an Roghchoiste agus mionteagaisc ó bhéal a thabhairt, i seisiún príobháideach más rud é go n-iarrfaidh an comhalta den Rialtas nó an tAire Stáit amhlaidh, roimh chruinnithe den Chomhairle Airí iomchuí de chuid AE chun a chumasú don Roghchoiste a thuairimí a chur in iúl: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Coiste ceangal a chur ar an gcomhalta sin den Rialtas nó ar an Aire Stáit a bheith i láthair amhlaidh tar éis na geruinnithe sin freisin;’.

5. Glactar leis seo leis an mBuan-Ordú breise seo a leanas:

‘82A. “(1) Mura bhforáiltear a

‘(4A) power to examine any statutory instrument, including those laid or laid in draft before either House or both Houses and those made under the European Communities Acts 1972 to 2009, and to recommend, where it considers that such action is warranted, whether the instrument should be annulled or amended;

‘(4B) for the purposes of paragraph (4A), power to require any Government Department or instrument-making authority concerned to submit a Memorandum to the Select Committee explaining any statutory instrument under consideration or to attend a meeting of the Select Committee for the purpose of explaining any such statutory instrument: Provided that such Department or authority may decline to attend for stated reasons given in writing to the Select Committee, which may report thereon to the Seanad;’ and

- (e) the insertion of the following paragraph after paragraph (6):

‘(6A) power to require that a member of the Government or Minister of State shall attend before the Select Committee and provide, in private session if so requested by the member of the Government or Minister of State, oral briefings in advance of meetings of the relevant EU Council of Ministers to enable the Select Committee to make known its views: Provided that the Committee may also require such attendance following such meetings;’.

5. The following additional Standing Order is hereby adopted:

82A. (1) Unless otherwise provided

mhalairt leis na Buan-Orduithe seo nó le hOrdú ón Seanad, is é is córam do Roghchoiste nó d'Fhochoiste de Roghchoiste—

(a) triúr, nó

(b) an ceathrú cuid de líon iomlán na gcomhaltaí is gá a cheapadh chun an Choiste, nó chun an Fhochoiste, de réir mar a bheidh,

cibé acu is mó, agus le linn an córam a ríomh, áireofar codáin mar dhuine amháin.

(2) Ní dhéanfar comhalta de Sheanad Éireann a bheidh i láthair de bhun Bhuan-Ordú 80(2) a áireamh chun córam a chinneadh.

(3) Is é is córam do Chomhchoiste córam cónastha an dá Roghchoiste atá ar áireamh ann, lúide duine amháin: Ar choinníoll, chun córam a chinneadh, gur comhalta de Sheanad Éireann duine amháin ar a laghad de na comhaltaí a bheidh i láthair agus gur comhalta de Dháil Éireann duine amháin díobh ar a laghad.’.

6. Leasaítear leis seo Buan-Ordú 101—

(a) tríd an gcoinníoll seo a leanas a chur le mír (3)(c):

‘Ar choinníoll, maidir leis an tuairim réasúnaithe a bheidh leagtha amach i dtuarascáil an Choiste, go bhféadfaidh an Seanad, trí leasú ar an tairiscint a bheidh curtha síos ag an gCathaoirleach faoin mír seo, tuairim a chur ina hionad, cur léi nó í a athrú ar shlí eile;’ agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (3)(d):

(4) I gcás go n-aontaíonn an Seanad tairiscint a bheidh curtha síos de bhun mhír (3)(c) den Bhuan-Ordú seo, fara leasú nó

by these Standing Orders or by Order of the Seanad, the quorum of a Select Committee or of a sub-Committee thereof, shall be either—

(a) three, or

(b) one quarter of the total number of members required to be appointed to the Committee, or sub-Committee as the case may be,

whichever is the greater, and in calculating the quorum, fractions shall be counted as one.

(2) A member of Seanad Éireann attending pursuant to Standing Order 80(2) shall not be counted for the purposes of determining a quorum.

(3) The quorum of a Joint Committee shall be the combined quorum of the two Select Committees of which it is comprised, minus one: Provided that for the purposes of determining a quorum, at least one of the members present shall be a member of Seanad Éireann and one a member of Dáil Éireann.’.

6. Standing Order 101 is hereby amended by—

(a) the insertion of the following proviso to paragraph (3)(c):

‘Provided that the Seanad may substitute, add to or otherwise vary, the reasoned opinion set out in the Committee’s report by way of amendment to the motion tabled by the Chairman under this paragraph;’ and

(b) the substitution of the following for paragraph (3)(d):

(4) Where the Seanad agrees a motion tabled pursuant to paragraph (3)(c) of this Standing Order, either with or without

gan leasú, cuirfidh an Cathaoirleach faoi deara cóip—

amendment, the Cathaoirleach shall cause a copy of—

(a) den Rún a bheidh aontaithe ag an Seanad,

(a) the Resolution agreed by the Seanad,

(b) den tuairim réasúnaithe a bheidh aontaithe ag an Seanad, agus

(b) the reasoned opinion agreed by the Seanad, and

(c) den tuarascáil ón gCoiste dá dtagraítear i mír (3)(c),

(c) the report of the Committee referred to in paragraph (3)(c),

a chur chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin.

to be sent to the Presidents of the European Parliament, the Council and the Commission.”

—*Senator Maurice Cummins.*

7. Ráitis maidir le Scéim Chothrom na Féinne um Thithe Banaltrais.
Statements on the Fair Deal Nursing Home Scheme.

8. (m) An Bille Airgeadais (Uimh. 2), 2011 (*Bille Airgid Deimhnithe*) [Dáil] — An Coiste.

(r) Finance (No. 2) Bill 2011 (*Certified Money Bill*) [Dáil] — Committee.

Tíolactha:
Presented:

9. An Bille um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Leasú), 2011 — Ordú don Dara Céim.

Jurisdiction of Courts and Enforcement of Judgments (Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do thabhairt éifeacht don Choinbhinsiún maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála arna shíniú in Lugano an 30ú lá de Dheireadh Fómhair, 2007 agus arna chríochnú thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh de bhun Chinneadh 2009/430/CE1 ón gComhairle, agus chun na críche sin do leasú an Achta um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998 agus an Achta Cothabhála, 1994 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to give effect to the Convention on jurisdiction and the recognition and enforcement of judgments in civil and commercial matters signed at Lugano on the 30th day of October 2007 and concluded on behalf of the European Community pursuant to Council Decision 2009/430/EC1, and for that purpose to amend the Jurisdiction of Courts and Enforcement of Judgments Act 1998 and the Maintenance Act 1994 and to provide for related matters.

- 10.** An Bille um Príobháideacht, 2006 — Ordú don Dara Céim.
Privacy Bill 2006 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le Tort arb éard é Príobháideacht a Shárú; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

Bill entitled an Act to provide for a Tort of Violation of Privacy; and to provide for matters connected therewith.

- 11.** An Bille um Chlárú Uachtanna, 2011 — Ordú don Dara Céim.
Registration of Wills Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir leis an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta a leathnú chuig clárú faisnéise áirithe maidir le huachtanna agus chun na gríoch sin d'athmheas an dlí a bhaineann leis an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for the extension of the Civil Registration Service to the registration of certain information regarding wills and for those purposes to revise the law relating to the Civil Registration Service and to provide for related matters.

—*Senator Terry Leyden.*

- 12.** An Bille um Rabhadh Radaíochta le haghaidh Guthán Póca, 2011 — Ordú don Dara Céim.
Mobile Phone Radiation Warning Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú go ndéanfar lipéad rabhaidh a dhaingniú de chásáil sheachtrach guthán póca agus ar phacáistiú gaolmhar, ina ndéanfar go soiléir go n-astaíonn gutháin phóca radaíocht leictreamaighnéadach.

Bill entitled an Act to provide that a warning label shall be affixed to the exterior casing of mobile phones and on related packaging, which shall state clearly that mobile phones emit electromagnetic radiation.

—*Senator Mark Daly.*

- 13.** An Bille Ombudsman (Leasú), 2008 [*Dáil*] — An Dara Céim.
Ombudsman (Amendment) Bill 2008 [*Dáil*] — Second Stage.

- 14.** An Bille Cróinéirí, 2007 — An Coiste.
Coroners Bill 2007 — Committee.

Ráitis (atógáil):
Statements (resumed):

- 15.** Ráitis maidir leis an Tionscnamh Post agus le hIomaíochas (*atógáil*).
Statements on the Jobs Initiative and Competitiveness (*resumed*).

Tairiscint:

Motion:

16. “Go gceadaíonn Seanad Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:

That Seanad Éireann approves the following Order in draft:

An tOrdú um na hAchtanna Cuanta, 1996 go 2009 (Feidhmeanna Chuideachta Phort Dhún Dealgan a Aistriú), 2011

Harbours Acts 1996 to 2009 (Transfer of Functions of Dundalk Port Company) Order 2011

ar leagadh cóipeanna de ina dhréacht faoi bhráid Sheanad Éireann an 1 Meitheamh, 2011.

copies of which have been laid in draft form before Seanad Éireann on 1st June, 2011.”

—*Senator Maurice Cummins.*

17 *Tairiscintí nach ón Rialtas:*

Non-Government Motions:

1. “That Seanad Éireann, in light of the commitment in the Programme for Government to overhaul the way politics and government works, recognises the need for change in how it conducts its business and agrees to:

— put in place arrangements so that this House can engage directly with well informed citizens and residents from all walks of life whose experience and expertise can contribute to debates on issues of public importance thereby adding considerable value to our work as legislators;

— invite to the floor of Seanad Éireann, on a case by case and ongoing basis, appropriate leaders and representatives of civic life who have a significant contribution to make to the deliberations of this House; and

— include in these arrangements the hosting of respectful North/South dialogue that consolidates the peace process in Northern Ireland, develops a peace dividend for all communities affected by the conflict, deepens cross-border relationships and promotes a shared approach to the significant centenaries that will arise in the next decade.”

—*Senators Jillian van Turnhout, Eamonn Coghlan, Fiach MacConghail, Martin McAleese, Mary-Ann O’Brien, Marie-Louise O’Donnell, Katherine Zappone*

[14 June, 2011]

Leasú:

Amendment:

1. After “decade” in the last line to add the following:

“; and that these proposals be considered by the Committee on Procedure and Privileges at the earliest opportunity”. (*resumed*)

—*Senator Maurice Cummins.*

2. “That Seanad Éireann is keenly aware of the suffering of the families of those who died or were injured in the Dublin and Monaghan bombings and in all the atrocities that were inquired into by Judge Henry Barron; that this suffering is exacerbated by the absence of closure in these terrible tragedies; and that we support their call for co-operation by the British Government to actively participate in a process to help provide answers to the questions that remain unanswered;

and that the Irish Government will continue in its efforts to urge the British Government to give urgent consideration to this matter.”.

—*Senators Mary White, Darragh O’Brien, Thomas Byrne, Mark Daly, Terry Leyden, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O’Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O’Sullivan, Averil Power, Jim Walsh, Diarmuid Wilson.*

[16 June, 2011]

18 An Seanad a chur ar athló.
Adjournment of the Seanad.

BILLÍ SEANAID SA DÁIL
Seanad Bills with the Dáil

An Bille um Chúram Leanaí (Leasú), 2009.
Child Care (Amendment) Bill 2009.

An Bille um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2009.
Property Services (Regulation) Bill 2009.

An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2010.
Communications Regulation (Postal Services) Bill 2010.

An Bille um Chonarthaí Foirgníochta, 2010.
Construction Contracts Bill 2010.

An Bille Meabhair-Shláinte (Leasú), 2008
(*athraithe ó*) An Bille Meabhair-Shláinte (Bearta Ainneonacha) (Leasú), 2008.
Mental Health (Amendment) Bill 2008
(*changed from*) Mental Health (Involuntary Procedures) (Amendment) Bill 2008.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2011.
Criminal Justice (Female Genital Mutilation) Bill 2011.

PÁIPÉIR A LEAGADH FAOI BHRÁID AN tSEANAID
Papers laid before the Seanad

Reachtúil:

1) An Bord Altranais. Tuarascáil Bhliantúil, 2009.

2) Rialacháin Loingis Cheannaíochta na gComhphobal Eorpach (Imscrúdú Tionóiscí), 2011 (I.R. Uimh. 276 de 2011).

3) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagraíochtaí Iniúchta agus

Statutory:

1) An Bord Altranais. Annual Report, 2009.

2) European Communities Merchant Shipping (Investigation of Accidents) Regulations 2011 (S.I. No. 276 of 2011).

3) European Communities (Ship Inspection and Survey Organisations)

Suirbhéireachta Loinge), 2011 (I.R. Uimh. 275 de 2011).

Neamhrechtúil:

1) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cothabháil), 2011 (I.R. Uimh. 274 de 2011).

2) An Chéad Tuarascáil faoi Dhul Chun Cinn ón gComhlacht Forfheidhmithe faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014.

3) Tuarascáil don Roinn Airgeadais ag éirí as an athbhreithniú ar Thionscnaimh Coigiltis Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí.

Regulations 2011 (S.I. No. 275 of 2011).

Non-Statutory:

1) European Communities (Maintenance) Regulations 2011 (S.I. No. 274 of 2011).

2) First Progress Report of the Implementation Body under the Public Service Agreement 2010-2014.

3) Report to the Department of Finance arising from the review of Public Service Management Savings Initiatives.